# Tá an fheirm ina cíor thuathail

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Ailgéabar - patrúin agus gaolta<br>*Comhtháthú- Teanga, OSIE, Na hEalaíona* |
| **Scileanna Forbartha** | • Cur i bhfeidhm agus réiteach fadhbanna - straitéisí oiriúnacha chun tasc a thabhairt chun críche, nó chun fadhb a réiteach a roghnú agus a chur i bhfeidhm<br>• Réasúnaíocht - bonn le próisis nó le torthaí gníomhaíochtaí a thabhairt |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | patrúin, ciúbanna, blocanna, an chéad rud eile, cóipeáil, leathnú, muc, bó, madra, caora, capall, gé, lacha, gabhar, sicín, cearc, scaif, sconsa, feirmeoir, ionad siopadóireachta |
| **Áiseanna** | ainmhithe feirme bréige, teimpléid d'ainmhithe feirme, ciúbanna, bloic thógála, cipíní líreacáin, páipéar, criáin |

## Cur Síos ar an nGníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Insíonn an múinteoir an scéal seo a leanas do na daltaí. 'Maidin amháin, chodail an feirmeoir go headra. Nuair a dhúisigh an feirmeoir faoi dheireadh agus bhreathnaigh sé amach an fhuinneog bhí na hainmhithe ar fad ag géimneach, ag seitreach agus ag déanamh cuid mhór torainn sa ghairdín. Bhí siad ag iarraidh a gcuid bricfeasta. D'oscail an feirmeoir an fhuinneog agus d'iarr sé ar na hainmhithe ar fad seasamh i líne sa chlós feirme. Nuair a bhain an feirmeoir an clós feirme amach bhí na hainmhithe ina seasamh i línte. Ord na chéad líne, bó, capall, bó, capall, bó, capall'. Pléann an múinteoir an patrún seo leis na daltaí agus iarrann sé orthu leanúint leis an bpatrún. Úsáideann na daltaí na gearrthóga ainmhithe chun an patrún a thaispeáint agus a shíneadh.

### 2 Gníomhaíocht 2

Iarrann an múinteoir ar na daltaí líne d'ainmhithe a dhéanamh ina bhfuil patrún le dhá/trí chineál ainmhithe. Nuair a bheidh an patrún déanta acu oibreoidh siad le comhscoláire agus cuirfidh siad ceisteanna ar a chéile faoi na patrúin.

### 3 Gníomhaíocht 3

Léann an múinteoir an scéal seo a leanas do na daltaí agus iarrann sé orthu sconsa a dhéanamh le patrún. 'Ag am lóin, d'imigh an gabhar le scaif an fheirmeora. D'éirigh leis na ba an geata chuig an chéad pháirc eile a oscailt agus mheasc siad leis na caoirigh. Baineadh geit as an bhfeirmeoir tráthnóna agus chinn sé go raibh sconsa nua ag teastáil ó na caoirigh chun iad a choinneáil sábháilte. Fuair an feirmeoir dhá/trí chineál difriúla bloc/adhmad don sconsa'. Iarrtar ar na daltaí bloic/ciúbanna/cipíní líreacáin/páipéar a úsáid chun sconsa nua a dhéanamh ina bhfuil patrún athfhillteach.

### 4 Gníomhaíocht 4

Léann an múinteoir an scéal seo a leanas do na daltaí agus iarrann sé orthu scaif a tharraingt le patrún. 'Chuaigh comharsana an fheirmeora chuig an ionad siopadóireachta san oíche. Chuala siad faoi gach rud a tharla don fheirmeoir agus ba bhreá leo bronntanas a thabhairt dó. Chonaic siad cuid mhór scaifeanna le patrúin i bhfuinneog an tsiopa agus cheannaigh siad ceann don fheirmeoir'. Pléann daltaí an chuma a bheadh ar scaif a bhfuil patrún air agus oibríonn siad i mbeirteanna chun scaif a dhearadh, a tharraingt agus a dhathú.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Dúnta | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad iad na hainmhithe/dathanna atá in úsáid sa phatrún seo?<br>• Cé mhéad uair atá an patrún seo athdhéanta?<br>• Cad é an chéad ainmhí eile?<br>• Cé mhéad ainmhí a d'úsáid tú chun do phatrún a dhéanamh? | • Cé mhéad patrún is féidir leat a dhéanamh le dhá chineál ainmhithe?<br>• Cén fáth ar roghnaigh tú na hainmhithe ar leith seo do do phatrún?<br>• Conas is féidir leat patrún difriúil a dhéanamh agus na hainmhithe/dathanna céanna in úsáid agat?<br>• Dá mbeadh níos mó ainmhithe agat, an athrófá do phatrún? Conas?<br>• Dá ndéanfá scaif nua, an athrófá do phatrún? Conas?<br>• Agus tú ag féachaint ar na patrúin scaife, an gcuireann na patrúin seo rud ar bith a chonaic tú cheana féin i gcuimhne duit? Inis dúinn faoi sin. |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí. Méadaigh líon na n-ainmhithe/na ndathanna don síneadh.